



**TIPPERARY HISTORICAL JOURNAL
1998**

© County Tipperary Historical Society

**www.tipperarylibraries.ie/th
society@tipperarylibraries.ie**

ISSN 0791-0655

An Gorta i bParóiste i dTuaisceart Thiobraid Árann

Le Máirtín Ó Corrbuí

Is é is aidhm leis an scríbhinn seo ná an chaoi ina ndeachaigh an Gorta Mór i gcion ar limistéar tuaithe amháin, i.e. Aontas Dhlí na mBocht ar an Aonach – agus ba é sin paróiste Mhaigh Saotha agus Cill Ó dTiarnáin. Ní mór a thabhairt faoi deara ar dtús go mbaintear casadh as staidéar logánta ar bith a dhéantar faoin nGorta, i ngeall ar an gcineál cuntas atá fós ar fáil. Maireann cuid mhaith ábhair ar ghnéithe áirithe na tréimhse sin – go háirithe faoi na scéimeanna a bunaíodh chun cruatan a mhaolú – ach gan ach beagán faoi ghnéithe eile.

Is gann iad na foinsí atá ar fáil chun ceisteanna tábhachtacha áirithe a fhreagairt. Cad é líon na ndaoine a fuair bás in ár gceantarna? Cad ba thrúig bháis dóibh? Cén chéim shóisialta a bhí acu? An mó duine sa pharóiste a d'iarr dídean i dTeach na mBocht san Aonach? Agus cé mhéid a fuair bás ansiúd?

Bhuail an dúchan prátaí na hÉireann den chéad uair go luath i Meán Fómhair 1845. Mí ina dhiaidh sin bhí sí le feiceáil i seacht gcontae dhéag. Bíodh is nach bhfacthas i dTiobraid Árann Thuaidh í sular baineadh an chuid ba mhó den bharr sin i nDeireadh Fómhair, ba léir ar ball go raibh an galar ina lán gort – an triú cuid den iomlán, b'fhéidir.

Rinne an tAthair Seán Mac Aogáin, S.P. Mhaigh Saotha-Cill Ó dTiarnáin, an droch-scéal a mheas i lár na Samhna. Ba léir go raibh toradh na bprátaí trian níos mó ná mar ba ghnáth an bhliain sin. Níor cailleadh ach 5½% díobh sna goirt, agus bhí 10% eile inite ar áit na mbonn. Bhí an fuighleach – a bhí i bpoill faoin am sin – gan locht.

Níor tháinig prátaí na bpoll saor, áfach. Bhuail an galar ansiúd iad chomh maith. I Feabhra 1846 thug Joshua Minnitt ón Áth Beag cuntas orthu . . . “Rinne mé gach dícheall chun na prátaí a raibh an dubh orthu a scaradh ón gcuid eile agus iad á mbaint, agus arís agus iad á gcur sna poill. Ach anois feicim iad uile ag lobhadh”. Mí ina dhiaidh sin measadh go raibh leath an bhairr cailte i Roinn Thoghchánach Chloch an Phríora, agus trian de i Roinn an An Cnaoi.²

Bhí iomlán na n-acraí prátaí a cuireadh in Earrach 1846 níos lú ná mar ba ghnáth mar go raibh an síol gann agus gan a bheith go rómhaith. Mheas na póilíní gur cuireadh 1,171 acra sa pharóiste i 1845, ach nár cuireadh ach 856 acra i 1846.³ Ag cruinniú de Choiste Faoisimh Mhaigh Saotha i mí Bhealtaine 1846, dúirt feirmeoir a raibh Ó Glasáin mar shloinne air gur inis triúr feirmeoirí áitiúla dó gur lobh go hiomlán an síol a chuir siad sa talamh. Mar go raibh síol prátaí gann sa chomharsanacht, chinn an Coiste ar 30 bairille de a dháileadh saor in aisce ar dhaoine bochta nach raibh na prátaí curtha fós acu.⁴

Bhí Samhradh na bliana 1846 go te tais, rud a d'fheil go mór do leathadh na dúchaine, agus faoi Lúnasa bhí cuntais ag teacht ó cheithre harda na tíre ar an milleadh a rinneadh. Ar an *Tipperary Vindicator* dar dáta Lúnasa 2 bhí sé seo le léamh: “We have seen several fields nearly wholly blighted within the last few days . . . The leaves and stalks appear tainted as if with a corroding mildew, or as if vitriol or some caustic material was thrown upon them”.

Ar éigin a chuir an dúchan isteach ar phrátaí 1847 ar chor ar bith. Níor cuireadh a lán prátaí an bhliain sin, áfach – an ceathrú cuid, b'fhéidir, den chur a rinneadh sna blianta roimhe sin.



Sna ranna toghchánacha Cloch an Phríora agus An Cnaoi ní raibh ach 5½% den churáiocht iomlán ag na prátaí.⁵

I ngeall ar an dúchan a bheith chomh gann sin i 1847, méadaíodh ar an gcur i 1848, ach buaileadh go dona arís é. “. . . the potato crop is universally diseased; the stalks are quite black and the tubers are becoming tainted” – b’in an cuntas a bhí san *Nenagh Guardian* ar an 19 Lúnasa. Ar meán bhí an toradh in aghaidh an acra an bhliain sin beagán níos lú ná leath an toraidh i 1847. Ach bhí feabhas ar an scéal uaidh sin amach agus ní fhacthas an dúchan arís i 1849 ná sna blianta ina dhiaidh sin.

Is deacair leibhéal an ghátair sa pharóiste le linn an Ghorta a mheas. Ní thugann na foinsí a mhair ach corr-ghearrfhéachaint, gan radharc léirghlan. Bhí an t-anró níos measa i gcás coiteoirí agus oibríthe a bhí ag brath go hiomlán nach mór ar phrátaí mar bhia. Cheannaíodh an chuid ba mhó de na hoibríthe na prátaí a bhí uathu, nó thugadh na fostóirí dóibh iad in áit pá. Is léir sin ó na leabhair chuntais a bhí in úsáid ar na heastáit san Áth Beag agus i bPáirc an Phríora.

Agus flúirse prátaí ann, bhíodh riar a gcáis – ar éigean – ag na bochtáin. Ach nuair a chlis ar an mbar sin, ní raibh ar a gcumas na praghasanna ardaithe a íoc. I mí Iúil 1845 bhí 30p ar bharraile prátaí sa pharóiste; faoi Aibreán 1846 bhí 50p air; agus faoi Lúnasa 1848 bhí 60p.⁶ Ach d’fhan pá an oibrí mar a bhí – idir 4s agus 5s sa tseachtain. Faoi Feabhra 1846 bhí leath na n-oibríthe i gCloch an Phríora agus san gCnaoi díomhaoin.⁷ Go déanach i Lúnasa 1847 dúradh go raibh obair an Fhómhair á déanamh ag mic agus iníonacha na bhfeirmeoirí in áit na bhfear oibre.⁸

Bhí a fhios ag na fir a fostaíodh chun obair a dhéanamh ar na scéimeanna poiblí sa pharóiste go raibh an pá a fuair siad róbheag ar fad. I lár Eanáir 1847 rinne 80 duine díobh achainí ar Joshua Minnitt pá níos fearr a fháil dóibh ó Choiste Faoisimh Mhaoigh Saotha. Ach fiú daoine ceannasacha dála Mhinnitt ní fhéadfaidís aon rud a dhéanamh, mar nárbh é an coiste áitiúil a chinn ar an ráta pá ach an Bord Oibreacha i mBaile Átha Cliath.

Is léir ó go leor tuairiscí sna nuachtáin go raibh daoine buartha faoi dhroch-chás na mbocht. Bhí cruinniú ag an gCoiste Faoisimh i mí an Mhárta 1846, agus measadh go raibh leath an 7,000 duine sa pharóiste i ngéarghá.⁹ I mí Aibreáin dúirt Thomas Nugent ón nGráinseach go raibh a lán daoine in a cheantar féin i ndeireadh na preibe. Dúirt an sagart paróiste nua-cheaptha, an tAthair Ó Nualláin, gur inis fear dó nach raibh greim le n-ithe aige le ceithre huair is fiche.¹⁰

De réir *Tipperary Vindicator* ar an 22 Eanáir 1848: “In . . . Knigh . . . there is the . . . most appalling distress . . . deaths from want are daily occurring. The poor are entirely unaided; there are not five comfortable farmers in the district, and not one landlord”. Bhí drochstaid ar fad ar na tionóntaí ar eastát Bindon Scott ag Loch Eorna.

Ní féidir fiú meastachán a thabhairt ar an líon daoine a fuair bás sa pharóiste de thoradh an Ghorta. Ach idir 1841 agus 1857 tháinig laghdú tubaisteach 37% ar an daonra i gcomparáid leis an laghdú 30% sa tír ar fad. Faoi mar a tharla in áiteanna eile, ba de thoradh galair a fuair formhór na ndaoine sin bás, agus ní de thoradh na Ghorta. Ach níor léir ar fad an difríocht idir an dá chúis; an t-ocras ba bhun leis na galair go minic.

Bhí an fiabhras go forleathan i rith an Ghorta, go háirithe i dtús 1847. Tugadh othair chun an Ospidéal Fiabhrais i mBuiríos Uí Chéin, b’fhéidir, nó i Lána Eoin san Aonach. Bhí slua othar – i bhfad rómhór – san dá ospidéal sin le linn an Ghorta. Dúirt an tAthair Ó Nualláin go scaoilte leis na hothair i bhfad róluath uaireanta, agus go mbuaileadh an fiabhras arís iad sa bhaile.¹¹

Tá tragóid dhaonna na linne seo le feiceáil freisin sa líon mór teaghlach a cailleadh sa pharóiste seo i rith an Ghorta. Is féidir liosta díobh a dhéanamh ach cláir na bparóistí Caitliceacha sa tréimhse 1835 - 1845 a chur i gcomparáid leis an Primary Valuation i 1850. Bhí 74 theaghlach gan bheith ann a thuilleadh, agus b’ionann sin agus 7% de na teaghlacha a

chónaigh ann i 1841. Ach mar nár cláraíodh ach teaghlaigh ar pósadh mac nó iníon leo, nó ar baisteadh leanbh leo, tá an uimhir sin, 7%, róbheag.

Le linn an Ghorta ba mhinic a athraíodh na hiarrachtaí a rinneadh chun an t-anró a mhaolú. I dtús báire bunaíodh coistí faoisimh chun min a dháileadh ar bhochtáin gan cur leis an bpraghas ar ar ceannaíodh í. San am céanna thosaigh an Bord Oibreacha ar scéimeanna oibreacha poiblí, chun go bhféadfadh daoine airgead a thuilleamh agus an mhín a cheannach. In 1847 chinn an Rialtas ar bhia a dháileadh go díreach ó chistineacha anraith.

Níos déanaí an bhliain sin leagadh cúrsaí faoisimh mar chúram ar na Boird Bhardachta a raibh cúram Thithe na mBocht orthu cheana. Mar go mbíodh na Tithe sin plódaithe, bhí ar lucht a stiúrtha go minic feidhm a bhaint as fóirithint ag baile. Bhí, freisin, roinnt carthanacht príobháideach á soláthar ag tiarnaí talún, ag sagairt, agus ag comharsana buartha.

Bunaíodh Coiste Faoisimh Mhaigh Saotha i dteach an Athar Uí Nualláin ar an 10 Márta 1846. Bhí an Viocáire i láthair, agus cuid mhaith de na feirmeoirí ba mhó sa cheantar. Ag an gcéad chruinniú seo bailíodh £200, agus faoin Meitheamh fuarthas deontas £200 ón Rialtas. Bailíodh £370 ar fad – thart ar £20,000 d’airgead an lae inniu, agus ag an am sin ghlanfadh sé tuarastal seachtaine 1,666 oibríthe, nó costas maireachtála bliana do dhá theaghlach is tríocha.

Nuair a bhí John Ball, Coimisinéir Cúnta Dhlí na mBocht, i láthair ag cruinniú Choiste Mhaigh Saotha i mí an Mheithimh 1846, dúradh leis gur tugadh min an tseachtain roimh sin do 338 líon tí. Mí ina dhiaidh sin thug an tOirmhinneach J. F. Robbins tuairisc inar inis sé go raibh faoiseamh á thabhairt do bhreis is 400 líon tí – dhá thonna de mhín Indiach, tonna mine coirce, agus tonna mine cáiscín in aghaidh na seachtaine. Dúirt an tAthair Ó Nualláin go raibh fonn ar dhaoine bochta “bheith ceanairceach agus an dlí a bhriseadh, sular bunaíodh an Coiste, ach go raibh siad ciúin sásta as sin amach”.



Teach na sean scoile ag Cois Móna mar a raibh cistin anraith aimsear an Ghorta (Griangraf le Pádraig Ó Flannabhra).

Leis na bóithre a bhain an chuid ba mhó den obair phoiblí sa pharóiste. Leagadh bóithre nua, deisíodh seanbhóithre, cothromaíodh cnoic, agus líonadh loig. Leagadh cúig cinn de bhóithre nua sa pharóiste le linn an Ghorta. Tá siad uile in úsáid go fóill. Orthu tá Líne na hEascrach ó Bhearnas Uí Ógáin go dtí an baile ar a dtugtar an Baile Nua. Ba é cothromú ar feadh an bhóthair an cineál oibre ba choitianta. Tá cuid den obair sin le feiceáil fós chomh maith: ar an mbóthar idir Pocán agus Gleann na Carraige go dtí an eaglais Phrotastúnach i gCill Ó dTiamáin.

I Meitheamh na bliana 1848 bhí sé cinn de na scéimeanna oibre poiblí ar siúl sa pharóiste. Bíodh is go raibh 115 fear ag obair iontu, ní raibh sa mhéid sin ach codán den 400 – 500 a bhí díomhaoin. Bhí na coinníollacha oibre an-dian – saothar dhá uair déag in aghaidh an lae, agus an bia a bhí ar fáil chomh dona sin go mbíodh na fir buailte amach. Ní raibh a gcuid éadaigh oiriúnach ach oiread don chineál aimsire a bhí ann uaireanta, mar bhíodh na hoibreacha poiblí faoi lánseol sa chuid ab fhuaire den bhliain.

Rud eile, ní raibh na feirmeoirí róshásta nuair a bhí oibreacha poiblí ag cur isteach ar a gcuid talún. I Samhain 1846 scaoileadh urchair isteach sa teach ina raibh maor oibre amhain ag cur faoi. San Áth Beag cuireadh fógra in airde ag bagairt an bháis ar mhaor eile mura n athrodd sé an treo a bhí beartaithe le h-aghaidh bóthair nua. In áit eile dúirt scata fear le maor nar den chomharsanacht é bailiú leis, mar nárbh áil leo stráinséirí ina measc. In Eanáir 1847 gearradh téarma ionnarbatha deich mbliana ar Phádraig Ó Coistealbha as Carnaigh, i ngeall ar iompar bagrach den chineál sin.¹¹

In Earrach na bliana 1847 chomh maith soláthraíodh cistineacha poiblí chun bia a bruiteadh roimhré a chur ar fáil do na bochtáin. Cuireadh coistí nua ar bun, bunaithe ar na ceantair thoghchánacha, chun an scéim seo a reachtáil. D’oscail Coiste an Aonaigh cistin phoiblí ag Crosbhóthar Chois Móna. De réir an traidisiúin áitiúil bhí cistin phoiblí eile taobh thiar de cheárta Uí Chinnéide i bPocán, agus an triú ceann ag seanteach feirme Uí Bhroin i gCloch an Phríora.

Lean a lán coistí orthu ag dáileadh min amh in áit bia bruite, cé go raibh sé sin in aghaidh na rialacha oifigiúla. Ach níor mhór am agus airgead a bheith acu chun coire a fháil agus a shuí, agus ábhar tine agus foireann a sholáthar dó sé lá den tseachtain. Ina theannta sin, is cosúil go mb’fhearr leis na daoine bochta an mhin amh a fháil, agus an chóchaireacht a dhéanamh iad féin. Ba é 48, 267 an líon ba mhó daoine ar tugadh bia dóibh san aon lá amháin ag cistineacha anraith Theach na mBocht i gceantar an Aonaigh.¹³

I lár 1847 rinne an Rialtas athrú mór ina raibh á dhéanamh acu d’fhonn faoiseamh a thabhairt do bhochtáin Éireann. Feasta bhí ar gach Teach na mBocht airgead a bhaint as na rátaí seilbhe áitiúla chun fóirthing ar a bhochtáin féin. Ba é rud a tharla ansin, áfach, ná go mbaineadh an chuid ba mhó díobh feidhm as “fóirthing ag baile”. Ba é sin go ndáiltí min Indiach ag ionaid áirithe. Bhí an córas sin i bhfeidhm sa cheantar a bhí faoi chúram an Aonaigh ó Shamhain 1847 go dtí Meán Fómhair 1849.¹⁴

Caimiléireacht gan teora – agus ní i dTiobraid Árann amháin – ba thoradh ar an gcóras nua seo. Gach duine den naonúr oifigeach a ceapadh ag Teach na mBocht san Aonach, mar shampla, ba ghaol gairid é le ball éigin den Bhord Bardachta. Sa *Tipperary Vindicator* dar dáta Samhain 11, 1847, bhí sé seo le léamh: “We blush for the barefaced . . . public jobbery . . . by this board . . . the sooner they are uprooted the better”.

Dhá phunt míne Indiaí an duine a thugtaí dóibh siúd a d’fhaigheadh “fóirthing ag baile” gach lá, ach fir láidre a bheith iontu. Punt amháin má bhí siad ó chumas. Punt a d’fhaigheadh bean freisin nó leanbh idir naoi mbliana agus cúig bliana déag. Leanbh níos óige ná sin ní bheadh le fáil aige ach leathphunt. Ina chúiteamh sin bhí orthu siúd a raibh breis agus cúig bliana déag acu ocht n-uaire an chloig a chaitheamh gach lá amuigh faoin aer ag briseadh cloch cuma cén sórt aimsire a bhí ann.

Bhristí na clocha le hoird a mbíodh dhá phunt meáchain iontu, agus le casúir leathphunt meáchain. Agus ansin chaithfí na clocha briste a chaitheamh sna háiteacha a roghnaíodh dóibh – Crosbhóthar Bhaile Uí Chomáin, Bearnas Uí Ógáin, Geata de Bhulbh (Áth na Carraige), Crosbhóthar an Chnaoi, Radharc, agus Páirc an Phríora. Fuair na maoir 35p sa tseachtain ar dtús, agus ar ball liúntas dúbhalta den mhín Indiach mar íocaíocht, agus dhíolfadh an Bord Bardachta na clocha le conraitheoirí bóithre.

Cé nár chabhraigh cuid de na tiarnaí talún lena dtionóntaí i rith an Ghorta, bhí an chuid ba mhó díobh dícheallach go maith ar an gCoiste Faoisimh agus ag fostú tionóntaí bochta. Thug William Sadlier – a raibh cónaí air i mBaile Thiobraid Árann – £33 dá thionóntaí i Mhaigh Saotha chun go mbeadh ar a gcumas a gcuid talún a shaothrú, agus chuidigh sé freisin leis an gcoiste faoisimh áitiúil. Rinne Robert Leeson as Baile Eanaigh agus an Ghráinseach fiacha iomlán cíosa a thionóntaí a mhaitheamh, agus bhí 25 fear fostaithe aige le hobair dhraenála a dhéanamh ag Baile Eanaigh. Deirtear gur choinnigh Joshua Minnitt ón Áth Beag an dé ina lán tionóntaí trí bhíthin na hoibre a chuir sé ar fáil dóibh sa cheantar sin.

Bhí tiarnaí talún eile ann a fuair airgead ar iasacht ón mBord Oibreacha d'fhonn scéimeanna leasaithe a bhunú ar a gcuid tailte – scéimeanna a thug fostaíocht a raibh gá mór léi, agus a thug deis do na tiarnaí a n-eastáit a fheabhsú. I gClárlanna na nGníomhas i mBaile Átha Cliath tá le léamh go bhfuair seachtar tiarna talún sa pharóiste iasachtaí airgid sa tréimhse 1846-49, d'fhonn feabhas a chur ar a gcuid eastát – iasacht amháin £50, agus an tsuim ag méadú go dtí an £950 a fuair an Bhaintiarna Farnham le caitheamh ar a tailte ag an nGarraí Dubh, An Coilleán, Chorrochoill, Halla na Sionainne, Caisleán Shialaigh, agus Tuaim Móinín.

Faoi mar a tharla in áiteacha eile in Éirinn le linn an Ghorta, níor leasc le roinnt daoine dul i muinín na coirpeachta chun faoiseamh a fháil ón drochshaol, nó chun leas a bhaint as an bpraghas ard a bhí le fáil ar bhia.

Briseadh isteach i dtithe daoine a bhí go maith as agus goideadh bia agus rudáí luachmhara. I lár na hoíche, Eanáir 12, 1848, nuair a bhain Seán Ó Cathasaigh as Urra a theach amach, bhí fiche fear armtha sa chlós. Thug siad go brúidiúil faoi, bhris siad isteach sa teach, agus rug leo ocht mbarraille cruithneachta, ocht gclóch is tríocha mine, fiche slat plainín, agus cibé earraí éadaigh agus airgead ar éirigh leo teacht orthu. Chuir siad an t-iomlán i gcarr capaill Uí Chathasaigh agus thiomáin leo go dtí an tSionainn, áit a raibh bád réidh acu. Cuireadh beirt acu, Eoin Ó Mórdha agus Peadar Ó Nualláin, an loch amach go ceann seacht mbliana i ngeall ar an gcoir sin.¹⁵

Bhí ar chuid de na daoine a raibh réimse maith talún acu gardaí armtha a chur amach chun na barraí a bhí ag fás fós a chosaint. Is léir ón leabhar cuntas feirme a bhí ag Minnitt san Áth Beag gur íocadh punt le Donncha Ó Briain chun na turnapaí i mBaile an Chreagáin a chosaint i gcaitheamh mhí na Samhna 1845. Maireann an scéal fós chomh maith gur lámhachadh fear bocht nuair a bhí sé ag iarraidh turnapaí i Ruans a ghoid.¹⁶

Bhí stóras ag Comhlucht na Canála láimh le Cé Dhroim Inbhir agus sheoltaí a lán lán tonnaí plúir as gach bliain. Robáladh an stóras sin go minic – i mí na Samhna 1846 mar shampla, agus arís i mí Eanáir 1847. D'iarr an gníomhaire canála san áit sin, Mícheál Seách, go gcuirfí buíon saighdiúirí go Droim Inbhir, ach níor cuireadh riamh.¹⁷

Ní raibh gnaoi an phobail ar Phádraig Ó Caoimh, an té ar leis Muilte Bhaile an Tuile, mar bhí plúr á easportáil aige tráth bhí ocras ar na daoine. Cháin an tAthair Ó Nualláin ón altóir é arís agus arís eile, agus níor mhór cosaint na bpóilíní a bheith aige ina áit chónaithe. Faoin am a tháinig deireadh an Ghorta bhí sé briste ina ghnó, agus d'éalaigh sé leis go dtí an Astráil. Agus a bhean agus beirt leanaí dá gcuid ar a mbealach go dtí an áit chéanna sin, cailleadh iad triúr nuair a d'imigh an long go tóin poill ar chósta na hÉireann in 1854.¹⁸

FOINSE

Cuntas (giorraithe agus athchóirithe) an scríbhinn seo a baineadh as *Portrait of a Parish: Monsea and Killodiernan*, le Daniel Grace (Relay Publications, Nenagh, 1996), le caoinhead ón údar.

NOTAÍ

1. Cartlann Náisiúnta (CN), Relief Commission 1A/50/84, Tipperary Abstract, D24.
2. *Ibid.*, litir ó T. G. Stoney, 21.3.1846.
3. CN, Relief Commission 1A/50/89, Constabulary Reports on Potato Crop, 1846, Co. Tipperary.
4. *Tipperary Vindicator* (TV), 30.5.1846.
5. Bunaithe ar Returns of Agricultural Product in Ireland . . . 1847, pt. 1, Crops (923), HC, 1847-48, lvii, l.
6. Bunaithe ar phraghasanna a cláraíodh sa *Nenagh Guardian* (NG).
7. NG, 18.8.1847.
8. TV, 25.8.1847.
9. NG, 4.4.1846.
10. TV, 11.4.1846.
11. NG, 29.5.1847.
12. NG, 6 agus 10.3.1847; 26 agus 27.3.1847.
13. Famine Ireland (Shannon, 1970), vol. viii, p. 343.
14. TV, 2.5.1846, 6.10.1847, 20.12.1848.
15. TV, 16.1.1848; CN, Outrage Reports, Tipperary, 1848/27/1135.
16. Eolas a fuarthas ó Thadhg Ó Fathaigh nach maireann.
17. TV, 25.11.1846; NG, 13.1.1847; CN, Outrage Reports, Tipperary, 27/361.
18. NG, 25.1.1854.

